2024/2181

6.9.2024

CINNEADH (CBES) 2024/2181 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 27 Lúnasa 2024

maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh i Mósaimbíc (EUMAM Mozambique), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2023/1790 (EUMAM Mozambique/1/2024)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2021/1143 ón gComhairle an 12 Iúil 2021 ([1]) maidir le Misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mozambique), agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2021/1143, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála cinntí a dhéanamh maidir le rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach EUTM Mozambique, lena n-áirítear na cinntí ábhartha maidir le Ceannasaithe Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh.

(2) Le Cinneadh (CBES) 2023/1790 ([2]), cheap an Coiste Polaitiúil agus Slándála an Briogáidire-Ghinearál João Carlos de BASTOS JORGE GONÇALVES mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Mozambique.

(3) An 14 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1354 ([3]), lena leasaítear sainordú EUTM Mozambique agus lena bhforáiltear go n-ainmneofar an Misean mar Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh i Mósaimbíc (EUMAM Mozambique) ón 1 Meán Fómhair 2024.

(4) An 1 Lúnasa 2024, mhol údaráis na Portaingéile go dtiocfadh an Briogáidire-Ghinearál Luís Fernando MACHADO BARROSO i gcomharbas ar an mBriogáidire-Ghinearál João Carlos de BASTOS JORGE GONÇALVES mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUMAM Mozambique.

(5) An 2 Lúnasa 2024, mhol Ceannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh go gceapfaí an Briogáidire-Ghinearál Luís Fernando MACHADO BARROSO mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUMAM Mozambique ón 11 Meán Fómhair 2024.

(6) An 5 Lúnasa 2024, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an moladh sin.

(7) Ba cheart cinneadh a dhéanamh an Briogáidire-Ghinearál Luís Fernando MACHADO BARROSO a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ón 11 Meán Fómhair 2024 agus ba cheart Cinneadh (CBES) 2023/1790 a aisghairm.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Briogáidire-Ghinearál Luís Fernando MACHADO BARROSO a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh i Mósaimbíc (EUMAM Mozambique) ón 11 Meán Fómhair 2024.

Airteagal 2

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2023/1790 a aisghairm.

([1]) IO L 247, 13.7.2021, lch. 93.

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/1790 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 14 Meán Fómhair 2023 maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/1482 (EUTM Mozambique/2/2023) (IO L 230, 19.9.2023, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1790/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2024/1354 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1143 maidir le misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc) (IO L, 2024/1354, 15.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1354/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 11 Meán Fómhair 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Lúnasa 2024.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

D. PRONK